



2021 FÍS SHOILÉIR 2021

PLEAN STRAITÉISEACH CLG 2018 - 2021

01 CLÁR

02 Teachtaireacht ón Uachtarán 4-5

03 Teachtaireacht ón Ard-Stiúrthóir..... 6-7

04 Eolas Fúinne 9

05 Ár Misean, Fís agus Luachanna 10 - 11

06 Léargas ar an bPróiseas Pleanála 12 - 14

07 Réimsí Straitéiseacha Fócais agus Spriocanna 17-29

08 Cur i bhFeidhm 30



**TÁ SÉ MAR AIDHM SA PHLEAN STRAITÉISEACH
SEO SPRIOCANNA UAILLMHIANACHA A LEAGAN
SÍOS ACH GUR FÉIDIR A BHAINN AMACH.
CUIRFIDH SEO BORRADH FAOINÁR GCUMANN MAR
GO NDÍREOFAR AR NA DÚSHLÁIN BHUNÚSACHA
STRAITÉISEACHA ATÁ ROMHAINN AGUS TAPÓFAR
GACH DEIS INA LEITH SIN.**

Sean Ó hOráin
Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael

02 TEACHTAIREACHT ÓN UACHTARÁN

Táim brea sásta an deis seo a bheith a agam na focail seo a leanas a scríobh agus fáilte a roimh an Straitéis seo. Ba bhrea liom mo bhúiochas a ghabháil oraibh ar fad a bhí páirteach leis agus taim lán dochasach go gcabhróidh sé go mór mór ár gCumann sna blianta atá romhainn.

Is mór an onóir dom tús a chur le Plean Straitéiseach trí bliana CLG do na blianta 2018 – 2021 (“Fís Shoiléir 2021”).

4

Tá sé mar aidhm sa Phlean Straitéiseach seo spriocanna uaimhianacha a leagan síos ach gur féidir a bhaint amach. Cuirfidh seo borradh faoinár gCumann mar go ndíreofar ar na dúshláin bhunúsacha straitéiseacha atá romhainn agus tapófar gach deis ina leith sin. Beidh an fhorbairt atá beartaithe sna trí bliana seo romhainn ar chomhchéim leis an bhfís atá againn go mbeidh fáilte roimh gach duine páirt iomlán a ghlacadh sna cluichí agus sa chultúr Gaelach. Beidh sé seo mar spreagadh dó agus di bheith páirteach ar feadh a saoil lenár gCumann.

Rinne Coiste Stiúrtha, ar a raibh daoine deonacha agus baill foirne ón Ardchomhairle, coistí cúige, contae agus clubanna, scrúdú gear le sé mhí ar mar atá cúrsaí inmheánacha agus seachtracha sa Chumann. Bhí tionchar mór ag an scrúdú sin ar a mbeidh inár spriocanna straitéiseacha idir seo agus 2021.

Léirigh an anailís chomh tábhachtach is atá ról ár ngréasán d’os cionn 2,000 club CLG i bpobail na hÉireann agus an domhain. Léiríodh freisin chomh láidir i gcónaí agus chomh tábhachtach is atá na



cluichí Gaelacha i gcruthú spiorad an phobail. Ba shoiléir freisin chomh tábhachtach is atá obair na mílte oibrí deonach agus chomh mór agus a chothaíonn an obair sin a bhforbairt phearsanta. Tá an pháirt atá ag an óige inár gcluichí ar cheann de na buanna móra atá ag an gCumann. Tá aitheantas á fháil i gcónaí ar fud na tíre agus an domhain ag an tábhacht atá le háiseanna an Chumainn agus an chóir a chuirtear ar ár gcuid imreoirí.

Léirigh an anailís freisin go bhfuil dúshlán straitéiseacha fós le sárú againn. Tá cur síos ar bhonn tosaíochta déanta orthu sin agus iad mar spriocanna sa Phlean Straitéiseach seo.

Cé gur léirigh an próiseas comhairliúcháin go bhfuil neart athruithe le déanamh, is é an dúshlán is mó a bheith in ann rudaí a dhiúltú nuair is gá agus a bheith sásta géilleadh faoi spriocanna áirithe as seo go ceann trí bliana. Ar mhaithe leis an gcuispóir sin a bhaint amach, ghlac an Coiste Stiúrtha le roinnt modhanna ina leith sin. Orthu sin bhí ceardlann straitéise, ar a raibh daoine deonacha as gach réimse sa Chumann, chun go ndéanfaí scrúdú ar na hábhair a tháinig chun cinn. Rinneadh suirbhé ar líne mar chuid de sin a fuair 6,500 freagra ónár gcuid ball agus lucht tacaíochta.

Tháinig cúig aidhm straitéiseach ardleibhéal mar thoradh ar an gcur chuige seo:

1. Feabhas a chur ar dheiseanna chun páirt a glacadh i gcluichí Gaelacha
2. Forbairt a dhéanamh ar ár ndaoine deonacha agus riarthóirí
3. Maoirseacht agus riaradh níos fearr a dhéanamh ar ár n-imeachtaí
4. Cumarsáid níos fearr a dhéanamh ar theachtaireachtaí CLG lenár gcuid ball agus lucht tacaíochta
5. Cumhdach agus forbairt a dhéanamh ar an gCumann

Tá na spriocanna, an obair ar leith atá le déanamh agus na bealaí chun dul chun cinn a mheas, leagtha síos i gcroí an Phlean Straitéisigh seo. Cé go gceapfa nach mórán ama é trí bliana chun na spriocanna sin a bhaint amach, is amhlaidh go bhfuilimid ag leanúint ar aghaidh leis na spriocanna i bPlean Straitéiseach 2015 – 2017 agus beidh sé i gcomhar leis an bPlean a thiocfaidh roimh 2021.

Cé go ndíreofar ar chur i gcrích a bhfuil sa Phlean seo, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil aidhmeanna eile nach mór dul i ngleic leo, cuid acu atá follasach anois, cuid eile a bheith le feiceáil amach anseo. Ní mór a mheabhrú freisin nach meastar go mbeidh na freagraí ar fad sa Phlean Straitéiseach seo. Cuirfidh Coiste Feidhmithe, chomh maith lenár bhfoireann oibre agus oibríthe deonacha agus gach aonad den Chumann na spriocanna seo i gcrích. Beidh soiléiriú ar na modhanna oibre, spriocanna, cur chuige agus soláthar acmhainní ina leith seo oibríthe amach sna míonna seo romhainn. Tá Coiste Feidhmithe curtha ar bun agus gabhfaidh an Coiste sin i mbun oibre gan mhoill faoi dháileadh na spriocanna ar leith agus na daoine agus na grúpaí a chuirfidh i bhfeidhm iad. Táim ag tnúth go mór le cur i láthair lár téarma a dhéanamh faoi cheann 18 mí faoin dul chun cinn atá déanta.



5

Táim buíoch den mhéid ama atá tugtha ag mórchuid páirtithe leasmhara ina n-ionchur sa Phlean seo, go háirithe ag leibhéal an chlub, contae, cúige agus Ardchomhairle i gCumann Lúthchleas Gael. Táim buíoch go speisialta don Choiste Stiúrtha a d’oibrigh chomh dícheallach ó Dheireadh Fómhair 2017.

Táim muiníneach go mbeidh Cumann níos láidre mar thoradh ar an bPlean Straitéiseach seo faoi dheireadh 2021.

Rath Dé ar an obair,

Sean Ó hOráin
Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael

03 TEACHTAIREACHT ÓN ARD-STIÚRTHÓIR



Is pribhléid agus ónoir mór dom a teachtaireacht seo a scríobh ar an ócáid speisialta seo.

Tá áthas orm an deis seo a thapú chun tacú leis an tuairisc is déanaí ar chomh meáite is atá CLG faoinár bhforbairt straitéiseach.

Is beag eagraíocht eile in Éirinn a ndéantar scrúdú chomh dian agus ina léirítear suim chomh mór le CLG.

6

Léiriú é seo ar mheas an phobail ar ár gcluichí agus an seasamh atá againn sa phobal sin ar fud an oileáin.

Ní beag againn an meas sin agus é mar fhreagracht orainn a bheith airdeallach faoi mar atá Éirinn ag athrú agus ról agus na haidhmeanna atá againne san athrú sin.

Tá roinnt constaicí ag baint leis an dóchas agus na mianta a chothóidh na hathruithe sin do CLG. Ba mhaith linn go mbeidh spiorad an phobail agus an oibrí deonach go mór i gceist i saol an Chumainn in Éirinn agus go mbeadh áit ar leith ag an gCumann i gcroíthe na nGael.

Tá aire agus cumhdach tugtha don Chumann ag mórchuid daoine ar fud na tíre le hos cionn 130 bliain. Ba mhaith linn go mbeadh an grá sin i réim i gcónaí.

Ar deireadh thiar, sin é bun agus barr a bhfuil i gceist sa Plean Straitéiseach seo.

Tuigimid tábhacht luachmhar an CLG atá fágtha le hoidhreacht againn. Is ar fhorás na heagraíochta don

chéad ghlúin eile a dhéanfar breithiúnas ar chomh maith is a d'éirigh linn.

Ní raibh an oiread daoine páirteach sa Chumann riamh roimhe seo, chomh maith le tinreamh ag na cluichí. Tá sin ar fad amhlaidh sula mbainimid triail as athruithe ar chraobhchomórtais na sinsear, a mhéadóidh líon na gcluichí móra an samhradh seo. Ach tá dúshlán fós le sárú agus ní haon am é seo chun luí siar ar na maídí.

Táimid buíodh don iliomad oibrí deonach atá mar chúltaca ag an gCumann Lúthchleas Gael. Táim buíoch freisin don fhoireann oibre i bPáirc an Chrócaigh a oibríonn chomh dícheallach le go mbeidh ré órga i ndán dúinn san am atá romhainn.

Ar aghaidh linn le chéile.

Tomás Ó Riain
Ard Stiúrthóir
Chumann Lúthchleas Gael



7

**TÁ 1,616 CUMANN IN ÉIRINN AGUS
450 THAR LEAR AGUS IADSAN AG
CUR CLUICHÍ GAELACHA CHUN
CINN INA BPOBAIL ÁITIÚLA.**

04 EOLAS FÚINNE

Is eagraíocht náisiúnta é Cumann Lúthchleas Gael (CLG). Is é príomhaidhm an Chumainn féiniúlacht náisiúnta a chothú sna 32 contae trí chaomhnú agus cur chun cinn na gluichí agus caitheamh aimsire Gaelacha. Cuireann an Cumann chun cinn agus déanann sé bainistíocht ar na cluichí Gaelacha Peile, Iomána, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr. Cuireann Aonaid Idirnáisiúnta an Chumainn a aidhmeanna chun cinn freisin. Tacaíonn CLG leis an gCumann Camógaíochta agus Peil Ghaelach na mBan agus lena gcumainn ghaolmhara siúd An Cumann Camógaíochta agus Cumann Pheil Ghaelach na mBan. Chomh maith leis sin, tugann CLG tacaíocht ghníomhach don Ghaeilge, damhsa traidisiúnta Gaelach, ceol, amhráin agus réimsí eile den chultúr Gaelach.

Bunaíodh CLG in 1884 agus leantar an Treoraí Oifigiúil – bunreacht mion a mhíníonn struchtúr agus rialacha do riaradh na heagraíochta. Is í an Chomhdháil príomheagraíocht ceannasáíochta an Chumainn agus é mar chumhacht aici rialacháin sa Treoraí Oifigiúil a dhéanamh, a leasú nó a chur ar ceal. Idir dhá Chomhdháil Bhliantúil is í an Ardchomhairle atá i gceannas. Bíonn cruinniú míosúil ag an gCoiste Bainistíochta le breithniú a dhéanamh ar éifeacht na hArdchomhairle agus le straitéis agus aidhmeanna fadtéarmacha a stiúradh. Is é an club bun aonad an Chumainn. Tá 1,616 cumann in Éirinn agus 450 thar lear agus iadsan ag cur cluichí Gaelacha chun cinn ina bpopail áitiúla. Déanann gach club tuairisciú dá gcoistí réigiúnacha agus contae agus déanann siadsan tuairisciú do Chomhairlí Cúige agus an Ardchomhairle. Tá ballraíocht ag tarraingt ar mhíliúin sa Chumann

agus bíonn beagnach 300,000 imreoir cláraithe go bliantúil. Ghlac beagán le cois 20,000 foireann ó dhaoine óga go daoine fásta páirt i gcomórtais oifigiúla in 2017. Bhí teacht isteach bliantúil €65.6 milliún ag an gCumann in 2017, ardú €5 mhíliún ar fhigiúr na bliana 2016. Mar is iondúil, roinneadh an teacht isteach seo ar an gCumann i bhfoirm íocaíochtaí d'aonaid forbairt chluichí, leas imreoirí, riaradh, deontais agus costais chluichí. Samplaí den infheistíocht sin iad:

- €14.8 milliún roinnte ar bhoird chontae agus aonaid eile in 2017
- €10.3 milliún infheistithe i bhforbairt cluichí, €6 mhíliún do chóitseáil san áireamh
- €6.2 milliún tugtha ar mhaithe le leas imreoirí
- €5.5 milliún caite ar infreastruchtúr fisiciúil
- €2 mhíliún roinnte go sonrach le cabhrú le clubanna forbairt a dhéanamh ar a gcuid áiseanna
- €1 milliún caite mar thacaíocht do chlubanna thar lear

D'fhreastail os cionn 1.5 milliún lucht tacaíochta ar chluichí craoibhe idirchontae peile agus iomána i séasúr 2017 agus glac os cionn 130,000 gasúr páirt i gCampáí Cúl CLG 2017. Is léiriú ar an tsuim atá sa Chumann an breis is milliún duine a leanann cuntais CLG náisiúnta, idirnáisiúnta, cúige agus contae ar na meáin shóisialta.

05 ÁR MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA

ÁR MISEAN

Is eagraíocht dheonach phobalbhunaithe é an CLG a chuireann cluichí Gaelacha agus an cultúr Gaelach chun cinn agus ina mbeidh páirtíocht saoil ag baint leis.

Táimid meáite go gcuirfidh ár gcluichí agus ár luachanna le saol ár gcuid ball, na teaghlaigh agus na pobail a ndéanaimid freastal orthu.

Tá sé mar rún daingean againn go mbeadh páirtíocht ghníomhach saoil i gceist do gach duine agus go mbeidh na háiseanna is fearr ar fáil dóibh.

Táimid ag iarraidh agus ag tnúth go mbeadh baint agus nasc againn le gach ball sa sochaí.

Déanaimid cur chun cinn ar fhorbairt phearsanta agus leas gach duine agus gach iarracht ar siúl againn go n-éireoidh lenár gcuid ball ar fad an chéim is airde atá i ndán dóibh a bhaint amach.

FÍS

Tá sé mar fhís againn go mbeidh fáilte roimh gach duine páirt iomlán a ghlacadh inár gcuid cluichí agus cultúr, go mbeidh togha na forbartha i ndán dóibh agus go spreagfar iad le go mbeidh páirtíocht saoil acu inár gCumann.



LUACHANNA

Féiniúlacht Pobail

- Is é an Pobal croílár ár gCumann.
- Cuidíonn gach a ndéanaimid leis na pobail a bhfuilimid iontu.
- Cothaímid féiniúlacht agus sochaí ar leith.
- Tacaímid le hiarrachtaí ár gcuid ball leas a dhéanamh ina bpobail.

Stádas Amaitéarach

- Is iad ár ndaoine deonacha a threoraíonn ár n-eagraíocht.
- Is mar amaitéaraigh a ghlacann ár gcuid imreoirí agus ár gcuid ball páirt inár gcluichí.
- Cuirimid clár cluichí ar fáil ag gach leibhéal ar mhaithe lenár gcuid imreoirí go léir.

Ionchuimsitheacht

- Cuirimid fáilte roimh gach duine a bheith páirteach inár gCumann.
- Tacaímid le héilimh ár gcuid ball.

Meas

- Bíonn meas againn ar a chéile ar an bpáirc agus i ngach réimse eile.
- Bíimid ionraic ag gach leibhéal.
- Éistimid agus bíonn meas againn ar thuairimí gach duine.

Leas Imreora

- Cuirimid an chóir is fearr ar ár gcuid imreoirí ar fad.
- Tugann struchtúr ár gcuid cluichí deis d'imreoirí d'aon chumas a gcéim is airde a bhaint amach.

Obair foirne agus Dheonach

- Is í an obair dheonach cnámh droma iarrachtaí ár mballraíocht.
- Cuidíonn spiorad na hoibre deonaí le hiarrachtaí na mball sa phobal go léir.
- Is é an comhoibriú ar an bpáirc agus taobh amuigh de sin dlúth agus inneach an Chumainn.
- Tá meas againn ar obair na foirne gairmiúla atá againn. Ní neart go chur le chéile.

06 LÉARGAS AR AN BPRÓISEAS PLEANÁLA

Tá sé mar aidhm sa Phlean Straitéiseach seo aidhmeanna a leagan síos don tréimhse trí bliana idir 2018 agus 2021. Tabharfaidh seo deis chun cur chuige a réiteach agus acmhainní a chur ar fáil lenár n-aidhm mar eagraíocht dheonach phobalbhunaithe a chur i bhfeidhm. Treiseoidh seo freisin ár ndeis páirtíocht saoil a thabhairt do dhaoine i gcur chun cinn ár gluicé agus ár gcultúr.

Eascraíonn pleanáil straitéiseach ag trí leibhéal sa Chumann:

- 1) Plean Straitéiseach CLG 2018-2021 nó an ‘mór phictiúr’ a thugann léargas ar na tosaíochtaí straitéiseacha don CLG agus atá dírithe ar chur chun cinn an Chumainn.
- 2) Pleananna Straitéiseacha atá curtha i dtoll a chéile ag cúigí, contaetha agus clubanna a cheangal leis na spriocanna i bplean na heagraíochta fré chéile, atá in oiriúint freisin do riachtanais áitiúla.
- 3) Pleananna Oibre atá réitithe ag lárchoistí agus rannóga oibre a chur ar bun le bunghníomhaíochtaí agus pleananna an Chumainn a chur chun cinn.

Cuireadh tús leis an bhforbairt do Phlean Straitéiseach CLG 2018 – 2021 i mí Iúil 2017. Rinneadh é seo agus meas á léiriú don fhiúntas a bhain le cuid mhaith pleananna straitéiseacha, athbhreithniú ar an gcur chuige ab fhearr a léiríodh sa litríocht faoin ábhar, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar mar a d’éirigh le pleananna agus athbhreithnithe eile a bhí curtha i gcrích ag an gCumann. Mhol an Coiste Bainistíochta

Plean Oibre agus Coiste Stiúrtha a raibh an tUachtarán Seán Ó hÓráin mar chathaoirleach air agus a bhí á chomhordú ag Ruairí Harvey (Bainisteoir Forbartha Eagraíochta). Cuireadh an Coiste seo i gceannas ar an bpróiseas i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Ar na baill eile bhí:

- Páraic Duffy (Ard-Stiúrthóir CLG go dtí 31 Márta 2018)
- Cathal Mac Coille (Iriseoir | Áth Cliath)
- Ciarán McLaughlin (Cisteoir Cúige | Cúige Uladh)
- Colin Regan (Bainisteoir Pobail agus Sláinte | Páirc an Chrócaigh)
- Eddie Sullivan (Iar-chathaoirleach Club | Áth Cliath)
- Eilís Kavanagh (Ionadaí an Chumann Camógaíochta | Loch Garman)
- Larry McCarthy (Iar-chathaoirleach Contae | Nua-Eabhrac)
- Noel Connors (Imreoir Club agus Contae | Port Láirge)
- Paula Prunty (Bainisteoir Oibriúcháin agus Pleanála | LGFA)
- Sean Dunnion (Iar-chathaoirleach Contae | Dún na nGall)
- Shane Flanagan (Bainisteoir Oibriúcháin Chúige | Cúige Laighean)

Chuir Tom Ryan tús lena théarma mar Ard-Stiúrthóir ar an 2 Aibreán 2018 and bhí sé páirteach sna cúpla cruinniú deiridh a bhí ag an gCoiste Stiúrtha.

PLEAN STRAITÉISEACH CLG 2018-2021 NÓ AN ‘MÓR PHICTIÚR’ A THUGANN LÉARGAS AR NA TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA DON CLG AGUS ATÁ DÍRITHE AR CHUR CHUN CINN AN CHUMAINN.

Leag an Coiste Stiúrtha na critéir seo a leanas síos ar mhaithe le fiúntas a mheas. Bhí siad mar threoir don Phlean Straitéiseach agus tús á chur leis an bpróiseas pleanála:

- Tosaíochtaí do riachtanais chlubanna
- Tacaíocht agus forbairt do dhaoine deonacha
- Dul i gcomhairle leis an iliomad de pháirtithe leasmhara
- Cumarsáid a dhéanamh le gach ball den Chumann
- Cur chun cinn a bheadh follasach do mhórchuid daoine
- Cinntiú go réiteodh an plean nua leis an bplean reatha agus go mbeadh na réimsí céanna i gceist
- Tabhairt go huaillmhianach faoi riachtanais an Chumainn faoi láthair ar bhealach spreagúil
- Go mbeadh sé dúshlánach ach fós indéanta
- Go bhféadfaí a dhul chun cinn a mheas ar bhealach aontaithe

Thug an Coiste Stiúrtha faoi anailís mhion ar mar atá straitéis an Chumainn faoi láthair ar na bealaí seo:

- Taighde ar líne a dhéanamh lenár gclubanna, contaetha, cúigí, an bhallaíocht i gcoitinne agus an pobal ina iomláine.
- Rinneadh agallaimh le stiúrthóirí foirne oibre, rúnaithe cúigí, stiúrthóirí eagraíochtaí gaolmhara agus ionadaithe scoileanna.
- Lorgaíodh aighneachtaí scríofa ó ghrúpaí agus eagraíochtaí cosúil le lárchoistí na hArdchomhairle, Spórt Éireann agus coistí éagsúla áitiúla agus náisiúnta rialtais.
- Rinneadh measúnacht ar thuarascálacha oifigiúla CLG.
- Rinneadh anailís ar chúinsí seachtracha a chuireann isteach ar an gCumann – Polaitiúil, Eacnamaíoch, Sóisialta, Teicneolaíochta, Comhshaoil agus Dlíthiúil.
- Rinneadh scrúdú ar mionsonraí daonáirimh a chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fáil.
- Rinneadh measúnú freisin ar chuid mhaith foinsí eile d’eolas inmheánach agus seachtrach.

Chuir an próiseas comhairliúcháin ar chumas an Choiste Stiúrtha na hábhair straitéise ba shuntasáí a aimsiú agus iad a rangú i gcúig réimse fócais. Ar mhaithe chun dul ó aimsiú na ndeacrachtaí go dtí leigheas a fháil orthu, shocraigh an Coiste Stiúrtha

go mbeadh cáipéis chomhairliúcháin ann ag a raibh ionchur ag grúpa ilchineálach de 39 duine deonach i gceardlann straitéise a tionóladh i Márta 2018. Ba iad seo a leanas na réimsí fócais agus na daoine deonacha a ghlac páirt:

1. PÁIRTÍOCHT CLUICHÍ	2. FORBAIRT DAOINE DEONACHA AGUS RIARTHÓIRÍ	3. MAIRSEACHT AGUS RIARADH	4. CUMARSÁID	5. CUMHDACH AGUS FÁS
Ciarán McLaughlin	Kevin Hennigan	Paula Prunty	Ger Ryan	Colm Cummins
Shane Flanagan	Eilís Kavanagh	Eddie Sullivan	Cathal MacCoille	Colin Regan
Brian Armitage	Cathal McAnenly	Barry Hickey	Áine McParland	Aoife Lane
Bronagh McGrane	Diarmuid Cahill	Clare O'Sullivan	Brian Quinn	Bríd McGoldrick
Clíodhna O'Connor	John Joe O'Carroll	Des Cullinane	Caoimhe Ní Néill	Jimmy O'Dwyer
Denis O'Boyle	Kieran Leddy	Pat Teehan	Larry McCarthy	Oliver Galligan
Micheál Martin	Mick Rock	Peter O'Reilly	Lauren Guilfoyle	Pat Spillane
Oisín McConville	Roisin Hartley	Seán Dunnion	Tony Meenaghan	

Tháinig mórchuid smaointe uailmhianacha chun cinn mar thoradh ar an gceardlann seo a chuirfí san áireamh sa Phlean Straitéiseach. Scaipeadh dréacht den Phlean Straitéiseach ina dhiaidh sin ar na stiúirthóirí foirne oibre lena n-ionchur a fháil. Rinne baill an Choiste Stiúrtha measúnú ansin ar gach ar tharla ag an

gceardlann agus ionchur na mball foirne, ar mhaithe le go dtuigfí an dul chun cinn ar na modhanna a bhí molta. Scrúdaíodh freisin an t-eolas a bailíodh agus ba réiteach tosaíochtaí don Phlean Straitéiseach seo a bhí mar thoradh air.





07 RÉIMSÍ STRAITÉISEACHA FÓCAIS AGUS AIDHMEANNA

RÉIMSE FÓCAIS	AIDHM
1. PÁIRTÍOCHT CLUICHÍ	Deiseanna a fheabhsú chun páirt a ghlacadh i gcluichí Gaelacha
2. FORBAIRT AR AN DUINE DEONACH AGUS AN RIARTHÓIR	Forbairt a dhéanamh ar dhaoine deonacha agus riarthóirí
3. MAOIRSEACHT AGUS RIARADH	Maoirseacht agus riaradh níos éifeachtaí ar ár ngnó
4. CUMARSÁID	Cumarsáid níos fearr ar theachtaireachtaí CLG dár gcuid ball agus lucht leanúna
5. CUMHDACH AGUS FÁS	Cumhdach agus fás a dhéanamh ar ár gCumann

Léiríonn an chuid seo a leanas na haidhmeanna agus an cur chuige ar leith a leanfar leis na haidhmeanna seo a bhaint amach. Tá bealaí léirithe freisin ann chun an dul chun cinn a mheas. Cuirfear gach aidhm i lámha daoine aonarach agus grúpaí a thabharfaidh faoina gcur i gcrích. Is cinnte go dtiocfaidh modhanna eile chun cinn in achar gearr agus sa bhfadtárma leis na haidhmeanna a chur i gcrích mar athríonn cúinsí agus

tarlaíonn deacrachtaí nach mbíonn súil leo. Déanfaidh an Coiste Feidhmithe athbhreithniú ar a bhfuil déanta agus aontóidh siad aon obair bhreise nach mór tabhairt faoi. Mar chuid den phróiseas feidhme leagfar síos an bunriachtanas ar mhaithe leis an dul chun cinn ar leith a mheas. Iarrfar freisin, más féidir, ar an dream atá ag díriú ar na haidhmeanna spriocanna a leagan amach a bhféadfaí a ndul chun cinn a mheas.

AIDHM 1: DEISEANNA A FHEABHSÚ CHUN PÁIRT A GHLACADH I GCLUICHÍ GAELACHA

18

AIDHMEANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
1.1 AN CHOIMHLINT IDIR CLUICHÍ CLUB AGUS CONTAE A FHEABHSÚ	Polasaí a chur chun cinn do fhorbairt na hóige, a chothóidh nasc idir chluichí clubanna, scoileanna, agus cluichí tríú leibhéal agus contae. Réiteodh sin an bhéim rómhór faoi láthair ar bhúionta scoth-imreoirí contae agus foirne idirchontae	<ul style="list-style-type: none"> Polasaí ceadaithe go lárnach do scoth-imreoirí i ngach contae Cur i bhfeidhm an pholasaí i ngach contae Nasc níos fearr idir an clár cluichí Cruthú clár forbartha cluichí contae agus an bhéim ar níos mó rannpháirtíochta agus ardú caihdeáin
	Díriú arís ar ghrádú de réir aoise ag leibhéal an chlub i ngach contae	<ul style="list-style-type: none"> Breithniú ar na hábhair is tábhachtaí faoi láthair agus cinntí a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun cinn
	Forbairt a dhéanamh ar chlár cluichí i ngráid daoine fásta agus faoi aois ar fud contaetha, ar mhaithe le níos mó deiseanna imeartha a chruthú	<ul style="list-style-type: none"> Líon níos mó cluichí clubanna sa bhliain ar fud chontaetha ag na leibhéil seo Cruthú agus cur i gcrích straitéis áiseanna le go bhféadfaí an líon cluichí seo a imirt
	Polasaí a chur ar bun a dhéanfadh maoirseacht ar an bhfáil atá ag a gclubanna ar imreoirí idirchontae	<ul style="list-style-type: none"> Fáil níos fearr ag clubanna ar imreoirí idirchontae i rith séasúir na gcráobhchomórtas
	Athbhreithniú ar leagan amach an chraobhchomórtas idirchontae sinsir agus moltaí a dhéanamh faoi	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh Cinntí a dhéanamh a choinneodh nó a d'fheabhsódh an leagan amach peile agus iomána
	Teagmháil le contaetha chun a gclár do chomórtas do dhaoine fásta agus faoi aois a mheas, mar go bhfuil an séasúr idirchontae giortaithe	<ul style="list-style-type: none"> An líon contaetha a bhfuil feabhas tagtha ar a gcuid comórtas

¹ Plean Gnímh Iar-Bhunscoile CLG 2017– 2020. Ar fáil ag: http://www.gaa.ie/mm/Document/MyGAA/Gettinginvolved/15/21/68/13326PostPrimaryGAAActionPlan2017-2020_English.pdf

² Tá an GAA Refereeing Strategy 2018 – 2021 le seoladh i Meitheamh 2018.

19

AIDHMEANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
1.2 TEAGMHÁIL NÍOS MÓ LE SCOILEANNA BUNSCOILE AGUS IAR-BHUNSCOILE AR MHAITHE LE CUR CHUN CINN NÍOS FEARR NA GCLUICHÍ GAELACHA	Straitéis ar fud an Chumainn a thionscnamh ar mhaithe le naisc a chruthú idir an club agus an scoil ag leibhéal na bunscoile	<ul style="list-style-type: none"> Cruthú agus cur i bhfeidhm straitéise chun naisc idir an club agus an scoil a fheabhsú
	Tacaíocht do chur i bhfeidhm Phean Gnímh Iar-Bhunscoile CLG 2017– 2020 ¹	<ul style="list-style-type: none"> Nasc níos fearr idir scoileanna iar-bhunoideachais agus aonaid ábhartha eile CLG, i.e. coistí contae agus comhairlí cúigí An líon scoileanna a chríochnaíonn an clár idirbhliain (“Ceannairí don Todhchaí”). An líon cúrsaí oiliúna do chóitseálaithe a tugadh do mhúinteoirí Cúram níos fearr a dhéanamh de chlár na gcluichí forbartha i scoileanna iar-bhunoideachais
1.3 EARCÚ AGUS COINNEÁIL IMREOIRÍ, COITSEÁLITHE AGUS RÉITEOIRÍ, GO HÁIRITHE AG LEIBHÉAL AN CHLUB	Forbairt agus níos mó acmhainní a sholáthar do chlubanna, dírithe go speisialta ar mheantóireacht agus ag ‘coitseáil an chóitseálaí’ ar bhealach neamhfhoirmeálta	<ul style="list-style-type: none"> Teagmháil níos minice idir cóitseálaithe clubanna agus lucht forbartha cluichí Líon níos mó cóitseálaithe ag baint úsáide as meantóireacht Níos mó cóitseálaithe ag fanacht Coinneáil níos fearr ar imreoirí idir na haoiseanna 13 agus 20 bliain
	Athbhreithniú ar ról agus freagrachtaí lucht forbartha cluichí, agus struchtúir eagraíochta chun tacú le meantóireacht na gcóitseálaithe	<ul style="list-style-type: none"> Ról do lucht forbartha cluichí a athscrúdú Socruithe níos fearr eagraíochta
	Seoladh an athuair agus cur i bhfeidhm éigeantach ar chaighdeán chóitseála agus iad a cheangal leis an straitéis go mbeadh gach club agus contae in ann oibriú as a stuaim féin	<ul style="list-style-type: none"> Dóthain ama a thabhairt do sheoladh an athuair agus cur i bhfeidhm na gcaighdeán Níos mó foirne clubanna agus contae á mbainistiú/gcóitseáil ag baill
	Measúnú ar ról, ceapadh agus oiliúint na nOifigeach Cóitseála Club	<ul style="list-style-type: none"> Measúnú agus réamh-oiliúint críochnaithe Ról athbhreithnithe i bhfeidhm i ngach contae
	Fóram lárnach a eagrú do dhaoine deonacha le smaointe a roinnt faoi dhea-chleachtais d'earcú agus coinneáil faoin tuath agus i gcathracha	<ul style="list-style-type: none"> Fóram lárnach eagraithe agus líon mór ionadaithe ó gach contae Forbairt agus fáil ar shamplaí de dhea-chleachtais
	Tacú le cur i bhfeidhm plean straitéiseach 3 bliana d'fhorbairt réiteoirí ó 2018 – 2021, atá á fhorbairt faoi láthair ²	<ul style="list-style-type: none"> Líon níos mó réiteoirí Níos mó réiteoirí á gcoinneáil Deiseanna níos fearr forbartha agus níos mó suime ann

AIDHMEANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
1.4 CUR CHUN CINN CLUICHE BUNÚSACH MAR CHAITHEAMH AIMSIRE	Cur chun cinn cluiche mar chaitheamh aimsire do dhaoine fásta agus do bhaill nach bhfuil gníomhach níos mó	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú, forbairt agus cur i bhfeidhm cluiche mar chaitheamh aimsire do dhaoine fásta agus do bhaill nach bhfuil gníomhach níos mó Deiseanna do chluichí caitheamh aimsire a aimsiú níos fearr Cur i bhfeidhm straitéis bolscaireachta Acmhainní agus trealamh a sholáthar
	'Pella' nó cluiche mar é a mholadh mar chluiche faoi dhíon seachas ár gcluichí traidisiúnta ³	<ul style="list-style-type: none"> Ceadú agus fáil níos ar 'Pella' nó a mhacasamhail Níos mó daoine gníomhach sa Chumann ina iomláine Níos mó sásaimh ag lucht leasmhara
	Cluichí caitheamh aimsire mar chuid thábhachtach den togra Club Sláintiúil CLG	<ul style="list-style-type: none"> Cluichí caitheamh aimsire mar chuid den togra Club Sláintiúil CLG Nasc le himeachtaí eile sláinte agus aclaíochta
1.5 LÁNPHÁIRTÍOCHT A CHUR CHUN CINN TRÍ BHEALAÍ A AIMSÍU LE NÍOS MÓ DAOINE A MHEALLADH CHUN ÁR GCLUICHÍ A IMIRT	Oifigeach lonchuimsitheachta a cheapadh ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do 'Choistí Cluichí do Gach Duine' ⁴	<ul style="list-style-type: none"> Oifigeach lonchuimsitheachta a cheapadh Líon agus caighdeán na mbeartas a mheas
	Páirtnéireachtaí nua a chruthú le heagraíochtaí cuí agus na cinn atá ann a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Líon na nasc a cruthaíodh agus a neartaíodh
	Straitéis a fhorbairt chun dul i ngleic le míchumas agus straitéis lonchuimsitheachta	<ul style="list-style-type: none"> Cruthú agus cur i bhfeidhm straitéise chun tionscnaimh a chur chun cinn
	Clár cóitseála a chur ar bun do chóitseáil do pháistí faoi mhíchumas go Duais na Bunsraithe	<ul style="list-style-type: none"> Go mbeadh modúl mar chuid de Dhuais na Bunsraithe An líon daoine a chríochnaíonn an modúl
	Teagmháil níos fearr le scoileanna speisialta	<ul style="list-style-type: none"> Teagmháil níos fearr le scoileanna speisialta

³ Leagan faoi dhíon den pheil Ghaelach é Pella. Is féidir é a imirt mar chluiche cúigeir an taobh faoi dhíon nó ar pháirc uile-aimseartha

⁴ É mar aidhm ag 'Games for All Committees' dea-chleachtais a chothú i réimse na hionchuimsitheachta.

AIDHMEANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
1.6 STRUCTÚR FORBAIRT CLUICHÍ AGUS GNÍOMHARTHA A FHEABHSÚ	Tacú le cur i bhfeidhm na moltaí ón Athbhreithniú Inmheánach Forbairt Cluichí ⁵	<ul style="list-style-type: none"> Cruthú agus cur i bhfeidhm straitéise 3 bliana d'fhorbairt cluichí Tuilleadh caiteachas buiséid i réimsí fócais a bhfuil tosaíocht acu.

⁵ Tá sé mar aidhm san Athbhreithniú Forbairt Cluichí cur le hearcaíocht, coinneáil cóitseálaithe deonacha, meantóirí agus múinteoirí.



AIDHM 2: FORBAIRT AR DHAOINE DEONACHA AGUS RIARTHÓIRÍ

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
2.1 LEAGAN AMACH AONTAITHE A RÉITEACH D'FHORBAIRT AR OIFIGEACH CLUB	Dul i bpáirt leis na coistí cuí, Cumann Pheil Ghaelach na mBan, an Cumann Camógaíochta, etc. le clár comhtháite do thraenáil oifigigh a réiteach	<ul style="list-style-type: none"> Leagan amach aontaithe a chur i gcrích Go mbeadh traenáil níos fearr ar fáil d'oifigigh na gclubanna
	Tacú le hOifigigh Forbartha Contae chun ceardlanna d'oiliúint oifigeach sna contaetha a rith	<ul style="list-style-type: none"> An líon ceardlann traenála eagraithe sna contaetha d'oiliúint oifigeach clubanna Níos mó oifigeach clubanna páirteach i gceardlanna oiliúna sna contaetha
	Bealach comhtháite a aimsiú chun tabhairt le fios go bhfuil traenáil ar fáil d'oifigigh na gclubanna	<ul style="list-style-type: none"> Eolas níos fearr a thabhairt faoin bhfáil a bheadh ar chlár traenála Níos mó deiseanna chun freastal ar ócáidí traenála
	Deiseanna le haitheantas a thabhairt do níos mó oifigeach do thraenáil do chlubanna	<ul style="list-style-type: none"> An líon contaetha a bhfuil na deiseanna traenála seo iontu Níos mó tinrimh ar ócáidí traenála
	Meascán de cheardlanna agus acmhainní ar líne a threisiú d'oiliúint na n-oifigeach sna clubanna	<ul style="list-style-type: none"> Acmhainní níos fearr ar líne An líon uaireanta a ndéantar breathnú agus íoslódáil ar acmhainní ar líne
	Cur le líon na n-oifigeach club a bhíonn páirteach sa traenáil, nach mbíonn i láthair go hiondúil ag ócáidí dá sórt sa chontae nó sa chúige	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó oifigeach agus clubanna páirteach sa traenáil a chuirtear ar fáil

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
2.2 RÓL NA BPRÍOMHOIFIGEACH CONTAE AGUS RIARTHÓIRÍ A THABHAIRT SUAS CHUN DÁTA AG LEIBHÉAL CLUB AGUS CONTAE	Teagmháil a dhéanamh le hoifigigh agus riarthóirí le breithniú agus athnuachan a dhéanamh ar a gcuid oibre	<ul style="list-style-type: none"> Anailís chuimsitheach riachtanas a chríochnú
	Cur síos ar na ról leasaithe do príomhoifigigh agus riarthóirí ag leibhéal club agus contae a fhoilsiú	<ul style="list-style-type: none"> Cuntas suas chun dáta de ról na n-oifigeach a fhoilsiú
	Príomhfhreagrachtaí a chur in iúl d'oifigigh agus riarthóirí	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó eolais agus tuiscint ar ról agus freagracht na n-oifigeach
	Cur síos ar na ról a chur mar chuid de chlár traenála atá ann cheana d'oifigigh	<ul style="list-style-type: none"> Cuir síos sa traenáil ar an gcineál oibre atá á déanamh
	Forbairt leanúnach ar obair na n-oifigeach	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt rialta ar obair na n-oifigeach
2.3 FEABHAS A CHUR AR FHOGHLAIM AGUS FORBAIRT DO NA PRÍOMHOIFIGIGH SNA CONTAETHA	Níos mó deiseanna d'fhoghlaim agus forbairt do na príomhoifigigh sna contaetha	<ul style="list-style-type: none"> Deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil níos minice agus á dtapú
	Clár ionduchtaithe ar fáil go bliantúil d'oifigigh nua contae	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt, seoladh agus fáil ar chlár nua bliana ionduchtaithe
	An clár meantóireachta a chur ar fáil freisin do chathaoirligh contae agus oifigigh thábhachtacha eile	<ul style="list-style-type: none"> Meantóireacht a chur ar fáil do ghrúpaí breise oifigeach Líon áirithe oifigeach á nascadh le meantóir
	Athnuachan agus athbhreithniú ar an gComhdháil Bhliantúil	<ul style="list-style-type: none"> Eagrú agus athnuachan Comhdhála Feabhas ar aiseolas ó rannpháirtithe Tinreamh níos fearr ó bhliain go bliain
	Clár ar leith ceannaireachta a fhorbairt d'Fheidhmeannaigh Contae	<ul style="list-style-type: none"> Dearadh ar chlár ar leith ceannaireachta An líon Feidhmeannach Contae a bhaineann leas as an gclár

AIDHM 3: MAOIRSEACHT AGUS RIARADH NÍOS FEARR AR ÁR GCUID OIBRE

24

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
3.1 TASCANNA COMÓNTA RIARATHA A ÉASCÚ AG LEIBHÉAL CLUB AGUS CONTAE	Simpligh córas ballraíochta na gclubanna	<ul style="list-style-type: none"> Ceangal níos fearr idir chórais bhallaíochta na gclubanna Inniúlacht riarthóra in úsáid chórais CLG
	Plean gnímh a chur ar bun le go mbeifí úsáid as aip soghluaiste CLG a seoladh le gairid	<ul style="list-style-type: none"> Úsáid níos forleithne den aip ballraíochta
	Measúnú ar na príomhphoist agus coistí chun ceangal níos fearr a dhéanamh idir na struchtúir ag leibhéal club agus contae.	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú a chríochnú faoi phoist agus coistí Comhréir níos fearr idir struchtúir Go mbeadh na daoine a dhéanann na cinntí i láthair níos minice ag cruinnithe den dá leibhéal
	Tacú le bainistíocht feidhme le cabhrú le daoine deonacha bainistiú a dhéanamh ar oibríthe lán-aimseartha	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht níos fearr do dhaoine deonacha atá ag bainistíocht riarthóirí lán-aimseartha
	Measúnú a dhéanamh a bhainfeadh le ceapadh breis oibríthe lánaimseartha sna leibhéil chuí sa Chumann d'fhonn feabhas a chur ar an obair.	<ul style="list-style-type: none"> Críoch le hanailís agus measúnú ar na moltaí
3.2 CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE (TF) A CHUR AR FÁIL LE CUIDIÚ LE GACH GNÉ DEN MHAOIRSEACHT AGUS RIARADH	Acmhainní mar is ceart a chur ar fáil do chur i bhfeidhm 'Straitéis TF CLG 2018 - 2021' ⁶	<ul style="list-style-type: none"> Laghdú ar an méid ama a chaitheann daoine deonacha agus riarthóirí ar thascanna riartha Úsáid níos fearr de chórais agus seirbhísí TF CLG Tacaíocht níos fearr chun cloí le riachtanais chomhlíonta Deiseanna níos fearr cumarsáide Fáil ar eolas tábhachtach i bhfoirm dhigiteach, i.e. físeán cluichí agus miontuairiscí cruinnithe Tacaíocht níos fearr á chur ar fáil d'aonaid CLG

⁶ Straitéis TF CLG 2018 - 2021. Ar fáil ag: http://www.gaa.ie/mm/Document/MyGAA/ClubAdministrators/15/45/75/GAAITStratV6singles_Neutral.pdf

⁷ Treoir Mhaoirseachta CLG. Ar fáil ag: http://www.gaa.ie/mm/Document/MyGAA/ClubAdministrators/13/84/69/GovernanceGuidelr_English.pdf

⁸ Comh-thaighde idir CLG/Cumann Imreoirí an Chumainn/Taighde ITES romhainn. Ar fáil ag: <https://www.esri.ie/news/joint-gaagpaesri-research-project-aims-to-support-welfare-of-inter-county-players/>

⁹ Preas-Eisiúint na Meabhráin Tuisceana. Ar fáil ag: <http://www.gaa.ie/news-archive/news/draft-memorandums-understanding-agreed/>

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
3.3 MAOIRSEACHT A CHUR CHUN CINN AR FUD AN CHUMAINN	Cloí le treoir mhaoirseachta CLG a chur chun cinn ⁷	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó aonad sínithe chun cloí leis an treoir maoirseachta Fáil níos forleithne ar cheardlanna tuisceana Tuiscint níos fearr ar threoirlínte maoirseachta ar fud an Chumainn
	Cuidiú le clubanna agus contaetha i gcruthú agus i gcur i bhfeidhm pleananna straitéiseacha	<ul style="list-style-type: none"> Pleananna straitéiseacha á gcur ar fáil in níos mó clubanna agus contaetha Éifeacht chur i bhfeidhm na bpleananna
3.4 DÍRÍÚ AR NA DÚSHLÁIN A BHAINNEAN LE RIARADH AGUS PÁIRTÍOCHT FOIRNE IDRCHONTAE	Straitéis ar leith a réiteach agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshlán mhóra riartha, i.e. cúrsaí airgid, cairteacha, pearsana ar leith, struchtúir na gcomórtas clubanna agus contae etc.	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt straitéise agus cur i bhfeidhm na n-aidhmeanna a bhaineann léi
	Breithniú ar mholtaí ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar a bhfuil á éileamh ar imreoirí idirchontae agus moltaí faoina maolú ⁸	<ul style="list-style-type: none"> Nithe a chur i bhfeidhm a chabhródh le go mbeadh cothromaíocht saoil níos fearr ag imreoirí idirchontae ó thaobh imeartha agus a saol pearsanta agus gairmiúil
3.5 COMHTHÁTHÚ NÍOS FEARR I NGACH RANNÓG DE CLG	Go mbeadh cur i bhfeidhm ar na Meabhráin Tuisceana idir CLG agus: <ol style="list-style-type: none"> 1) An Cumann Camógaíochta 2) Cumann Pheil Ghaelach na mBan⁹ 	<ul style="list-style-type: none"> Cruthú Grúpa Tras-Mhaoirseachta Comhoibriú níos fearr idir CLG agus a eagraíochtaí gaolmhara An líon nasc i bhfeidhm i.e. forbairt cóitseálaithe, forbairt oifigeach, riaradh Tuiscint níos fearr ar thionchar na Meabhrán Tuisceana
	Bealaí a aimsiú chun comhtháthú níos fearr a dhéanamh idir CLG, Cumann Pheil Ghaelach na mBan agus an Cumann Camógaíochta ag gach leibhéal	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar chóras a bheadh feabhsaithe mar gheall ar chur i bhfeidhm na Meabhrán Tuisceana
	Tuilleadh feabhais agus cur i bhfeidhm ar an gcur chuige Aon Chlub	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó clubanna páirteach sa chur chuige Aon Chlub Athbhreithniú agus feabhas mar is gá
	Tuilleadh forbartha ar an gcur chuige Aon Chontae	<ul style="list-style-type: none"> Measúnú ar an gcur chuige Aon Chontae
	Feabhas ar pháirtíocht na mBan sa Chumann agus sna Cumainn Ghaolmhara	<ul style="list-style-type: none"> Taighde faoi dheacrachtaí bheith páirteach Cur chuige chun go nglacadh níos mó ban páirt Níos mó ban i mbun cóitseála, forbairt cluichí, réiteoireacht agus riaradh

25

AIDHM 4: TEACHTAIREACHTAÍ CLG A CHUR AR IÚL NÍOS FEARR DÁR GCUID BALL AGUS LUCHT LEANÚNA

26

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
4.1 CUR CHUN CINN AGUS MARGAÍOCHT AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CLG	Tuilleadh taighde margaidh ar éifeacht bhranda CLG faoi láthair ar mhaithe lena fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> Tuilleadh taighde i réimsí tábhachtacha Níos mó úsáide de shonraí caighdeáin ar mhaithe le feabhas
	Deiseanna margaíochta a fhorbairt do chlubanna agus comórtais speisialta contae i.e. Craobhchomórtais Chontae, Féile agus an Dúshlán Ceilteach	<ul style="list-style-type: none"> Uirlisí margaíochta a fhorbairt Éileamh láidir ar uirlisí margaíochta
	Plé lenár bpáirtnéirí chun deiseanna a thapú chun margaíocht níos fearr a dhéanamh ar chluichí club agus contae, ó tharla an séasúr imeartha idirchontae a bheith níos giorra.	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt agus cur i gcrích straitéise ar leith do chluichí clubanna Margaíocht níos fearr ar chluichí club agus contae Tinreamh níos fearr ag cluichí club agus contae
	Feabhas a chur ar an straitéis do shruthú agus craoladh dígiteach cluichí, cluichí nach cluichí idirchontae iad san áireamh	<ul style="list-style-type: none"> An pháirtíocht atá ann a neartú Páirtíocht nua a chruthú Méadú ar an lucht féachana do chluichí nach cluichí idirchontae iad
	Níos mó infheistíochta i gcur chun cinn obair na gclubanna, m.sh. laethanta oscailte clubanna	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó infheistíochta i gcur chun cinn obair na gclubanna Níos mó eolais faoina bhfuil ar siúl ag clubanna

27

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
4.2 TEACHTAIREACHTAÍ CLG A CHUR IN IÚL NÍOS FEARR	Straitéis nua lárnach cumarsáide a chur ar bun a dhíreodh ar lucht leasmhara inmheánacha agus seachtracha	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt agus cur i gcrích straitéise nua Dul chun cinn na n-aidhmeanna agus spriocanna a bhí aontaithe
	Cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil do ghníomhaíochtaí na meán sóisialta	<ul style="list-style-type: none"> Chomh maith is atá na hacmhainní a cuireadh ar fáil do na meáin shóisialta
	Athbhreithniú ar ról an OCP (PRO) ag gach leibhéal mar atá sin ag athrú i saol an lae inniu	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú agus atheagar Aiseolas ó OCP faoi chomh maith is atá sé/sí in ann feidhmiú
	Áiseanna na meán a fheabhsú i bpríomhpháirceanna contae CLG	<ul style="list-style-type: none"> Áiseanna níos fearr do na meáin i bpáirceanna contae Lucht na meán do chluichí CLG níos sásta le cúrsaí
4.3 TEAGMHÁIL NÍOS FEARR LE BAILL ÓIGE AGUS DAOINE ÓGA I GCOITINNE	Bealach a aimsiú le dearcadh dhaoine óga ar cheisteanna straitéiseacha a fháil	<ul style="list-style-type: none"> An cur chuige a forbraíodh agus atá in úsáid go forleathan
	Gné na hóige a bheith in aon phróiseas comhairliúcháin sa toadhchái	<ul style="list-style-type: none"> An líon próiseas comhairliúcháin ar tugadh fúthu agus ina raibh gné na hóige
	Oiliúint a chur ar na páirtithe leasmhara cuí faoi dhea-chleachtais i leith éisteachta agus dul i gcomhairle le daoine óga. Bheadh seo mar chuid d'aon ghníomhaíochtaí a mbeadh siad freagrach astu	<ul style="list-style-type: none"> Cinntí déanta faoi oiliúint a chur ar lucht leasmhara An líon daoine ar cuardaíodh comhairle uathu faoi thionscnaimh

AIDHM 5: CUMHDACH AGUS FORBAIRT ÁR GCUMANN


SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
5.1 DÉILEÁIL LE MAR ATÁ AN DAONRA AG AISTRIÚ ÓN TUATH GO DTÍ CATHRACHA	Scrúdú astu féin ar na difríochtaí idir an tuath agus cathracha	<ul style="list-style-type: none"> Plé ar na deiseanna agus na bagairtí a bheidh san aistriú
	Deiseanna a chur ar fáil do chlubanna tuaithe chun teacht ar imreoirí breise, cóitseálaithe agus daoine deonacha eile	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht níos fearr do chlubanna faoin tuath ar na hábhair luaite Deiseanna níos ag clubanna tuaithe a gcuid imreoirí a choinneáil Deis ag clubanna cur lena gcuid ballraíochta
	Cúnamh do chlubanna móra cathrach déileáil le líon ollmhór ball	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt agus feidhmiú ar chúnamh do chlubanna
	Bealaí a aimsiú chun cur ar chumas imreoirí tuaithe coinneáil ag imirt lena gclubanna baile	<ul style="list-style-type: none"> Bealaí a aimsiú chun cuidiú le himreoirí leanúint ag imirt lena gClubanna Baile
5.2 SCRÚDÚ AR AN LUACH A CHUIRIMID AR ÁR STÁDAS AMAITÉARACH	Míniú i gcomhthéacs an lae inniu ar an stádas amaitéarach	<ul style="list-style-type: none"> Sainmhíniú ar ár ndearcadh faoinár stádas amaitéarach
	Teacht ar chleachtais atá inghlactha nó nach bhfuil, faoinár stádas amaitéarach	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt ar na dea-chleachtais atá aontaithe
	Feachtas a chur ar bun le athdhearbhú a dhéanamh ar thábhacht ár stádas amaitéarach don Chumann	<ul style="list-style-type: none"> Cur i bhfeidhm an athdhearbhaithe sin
5.3 DLÚS A CHUR LE FÓCAS AR MHEAS AR AN BPÁIRC AGUS TAOBH AMUIGH DE SIN	Acmhainní a sholáthar go mbeadh tábhacht le meas a bheadh dírithe ar an gCumann ar fad	<ul style="list-style-type: none"> Forbairt ar fheachtais a mbeadh meas go hard ar an gclár oibre
	Cur chun cinn go mbeadh glacadh agus tuiscint i réim i ngach gné dár gcluichí	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaíochtaí déanta go nglacfaí le tuiscint agus dea-thoil inár gcluichí

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR LEITH	MEASÚNÚ DUL CHUN CINN
5.4 AN CLUB SLÁINTIÚIL A FHORBAIRT AGUS A LEATHNÚ SA CHUMANN AR FAD	Deis páirtíochta de bharr maoinithe agus cur chun cinn ag gach club mar Chlub Sláintiúil	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó clubanna páirteach Eolas níos forleithne ar an togra Club Sláintiúil
	Smaointe an Chlub Sláintiúil a bheith i ngach gné dár gclubanna	<ul style="list-style-type: none"> Níos mó gnéithe de riaradh clubanna mar chuid den Chlub Sláintiúil
	An Club Sláintiúil chun cinn le poiblíocht a thabhairt do chluichí caitheamh aimsire CLG agus na smaointe Cluichí do Gach Duine	<ul style="list-style-type: none"> Cluichí caitheamh aimsire agus Cluichí do Gach Duine ar fáil
	Cur le scileanna Coistí Sláinte Contae ar mhaithe le go mbeadh an Club Sláintiúil i gcroílár an Chumainn	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas agus éileamh ar dheiseanna traenála
5.5 NAISC NUA AGUS CUR LE CINN REATHA CHUN PLÉ LE RIALTAIS NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚLA FAOI PHOLASAITHE	Tuiscint scríofa le rialtais a fhorbairt faoi pháirtíochtaí a chuideodh le feidhmiú aidhmeanna straitéiseacha	<ul style="list-style-type: none"> Cáipéis scríofa a chur ar fáil Forbairt a dhéanamh ar pháirtíochtaí suntasacha
	Eolas níos fearr faoi straitéisí rialtais, polasaithe agus deiseanna maoinithe – cinn reatha agus nua – ag na leibhéil náisiúnta agus áitiúil	<ul style="list-style-type: none"> Eolas níos fearr faoi straitéisí, polasaithe agus deiseanna maoinithe Spriocanna ar leith chun cur isteach ar mhaoiniú
	Tacú le taighde sóisialta a léireodh tábhacht CLG do shaol na hÉireann	<ul style="list-style-type: none"> Ag déanamh agus ag soláthar taighde faoi thábhacht sóisialta CLG Meas níos fearr ar a gcuireann an Cumann ar fáil do shaol agus eacnamaíocht na hÉireann

08 CUR I BHFEIDHM

Tabharfaimid faoin bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm go dúthrachtach mar seo a leanas:

- Cuirfear Coiste Feidhmithe ar bun ar a mbeidh an tUachtarán mar chathaoirleach.
- Tabharfar spriocanna ar leith do na daoine agus grúpaí is fearr a chuirfidh i bhfeidhm iad.
- Pleananna oibre a chur ar bun ina leagfar amach spriocanna bliantúla agus na céimeanna tosaigh ina leith.
- Déanfar monatóireacht leanúnach ar an measúnú dul chun cinn sa phlean.
- Cuirfear tuairiscí rialta ar fáil don Choiste Bainistíochta.



Beidh solúbthacht mar chuid den Phlean Straitéiseach, le go bhféadfaidh an Coiste Bainistíochta measúnú a dhéanamh air go rialta.





PLEAN STRAITÉISEACH CLG 2018 - 2021